RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/978 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2021

lena ndeonaítear údarú Aontais don fhine táirgí bithicídeacha "Lyso IPA Surface Disinfection"

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Meitheamh 2016, chuir Schuelke & Mayr GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]) maidir leis an bhfine chéanna táirgí bithicídeacha a údarú, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar "Lyso IPA Surface Disinfection", de chineálacha táirgí 2 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-GX025200-35 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ("an Clár"). Léirigh an t-iarratas freisin uimhir iarratais ghaolmhar na fine táirgí tagartha, mar atá "perform-IPA", atá taifeadta sa Chlár faoi chás-uimhir BC-AB023095-72.

(2) Tá própán-2-ól mar shubstaint ghníomhach san fhine chéanna táirgí bithicídeacha "Lyso IPA Surface Disinfection", agus tá an tsubstaint sin ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 12 Bealtaine 2020, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([3]) faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ("SPC") atá ag "Lyso IPA Surface Disinfection" i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.

(4) Is é conclúid na tuairime gur fine táirgí bithicídeacha é "Lyso IPA Surface Disinfection" de réir bhrí Airteagal 3(1)(s) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil na difríochtaí atá beartaithe idir an fhine chéanna táirgí bithicídeacha agus an fhine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhar teoranta d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([4]), go bhfuil "Lyso IPA Surface Disinfection" incháilithe d'údarú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus bunaithe ar mheasúnú ar an bhfine táirgí tagartha gaolmhar "perform-IPA" agus faoi réir an dréacht-SPC a chomhlíonadh, go gcomhlíonann an fhine chéanna táirgí bithicídeacha na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) An 6 Samhain 2020, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-SPC i dteangacha oifigiúla uile an Aontais a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Comhaontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú don fhine chéanna táirgí bithicídeacha "Lyso IPA Surface Disinfection".

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4).

([3]) Tuairim ECHA an 11 Bealtaine 2020 maidir le húdarú an Aontais don fhine chéanna táirgí bithicídeacha "Lyso IPA Surface Disinfection", https://echa.europa.eu/en/opinions-on-union-authorisation.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4).

(7) Tá an tsubstaint neamhghníomhach taláit dé-eitile san fhine chéanna táirgí bithicídeacha "Lyso IPA Surface Disinfection", substaint nárbh fhéidir a dhéanamh amach an gcomhlíonann sí na critéir eolaíocha chun airíonna réabtha inchrínigh a chinneadh, critéir a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2100 ón gCoimisiún ([5]), laistigh den tréimhse chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas ar fhine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhar. Ba cheart tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar thaláit dé-eitile dá bhrí sin. Más é an conclúid go meastar go bhfuil airíonna réabtha inchrínigh ag taláit dé-eitile, déanfaidh an Coimisiún a mheas ar cheart údarú an Aontais do "Lyso IPA Surface Disinfection" a chur ar ceal nó a leasú i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0023860-0000 aige do Schuelke & Mayr GmbH chun an fhine chéanna táirgí bithicídeacha "Lyso IPA Surface Disinfection" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 8 Iúil 2021 go dtí an 30 Samhain 2030.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2100 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2017 lena leagtar amach na critéir eolaíocha chun airíonna réabtha inchrínigh a chinneadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 301, 17.11.2017, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Lyso IPA Surface Disinfection

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 4 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0023860-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0023860-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Lyso IPA Surface Disinfection

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Schülke & Mayr GmbH
	Seoladh	Robert-Koch-Str. 2, 22851, Norderstedt, An Ghearmáin
Uimhir an údaraithe	EU-0023860-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0023860-0000	
Dáta an údaraithe	8 Iúil 2021	
Dáta éaga an údaraithe	30 Samhain 2030	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Schülke & Mayr GmbH
Seoladh an déantóra	Robert-Koch-Str. 2, 22851 Norderstedt An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Robert-Koch-Str. 2, 22851 Norderstedt An Ghearmáin

Ainm an déantóra	BOCHEMIE a.s.
Seoladh an déantóra	Lidická 326, Lidická 326 Bohumín Poblacht na Seice
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Lidická 326, 735 95 Bohumín Poblacht na Seice

Ainm an déantóra	Imeco
Seoladh an déantóra	Boschstr. 5, 63768 Hösbach An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Boschstr. 5, 63768 Hösbach An Ghearmáin Neue Straße 2-4, 09471 Köningswalde An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Tristel Solutions Limited
Seoladh an déantóra	Lynx Business Park, Fordham Road, Snailwell, CB8 7NY Cambridgeshire An Ríocht Aontaithe
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Lynx Business Park, Fordham Road, Snailwell, CB8 7NY Cambridgeshire An Ríocht Aontaithe

Ainm an déantóra	Techtex
Seoladh an déantóra	Units 7&8 Rhodes Bus. Park Silburn Way, M24 4NE Middleton An Ríocht Aontaithe
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Units 7&8 Rhodes Bus. Park Silburn Way, M24 4NE Middleton An Ríocht Aontaithe

Ainm an déantóra	A.F.P. GmbH
Seoladh an déantóra	Otto Brenner Straße 16, 21337 Lüneburg An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Otto Brenner Straße 16, 21337 Lüneburg An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Innovate GmbH
Seoladh an déantóra	Am Hohen Stein 11, 06618 06618 An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Am Hohen Stein 11, 06618 Naumburg (Saale) An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Lysoform Dr. Hans Rosemann GmbH
Seoladh an déantóra	Kaiser-Wilhelm-Straße 133, 12247 Beirlín An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Kaiser-Wilhelm-Straße 133, 12247 Beirlín An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Sterisol AB
Seoladh an déantóra	Kronoängsgatan 3, 592 23 Vadstena An tSualainn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Kronoängsgatan 3, 592 23 Vadstena An tSualainn

Ainm an déantóra	Rudolf Dankwardt GmbH
Seoladh an déantóra	Gutenbergring 50-52, 22848 Norderstedt An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Gutenbergring 50-52, 22848 Norderstedt An Ghearmáin Lagerstr. 15, 19249 Jessenitz - Werk/Lübtheen An Ghearmáin

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an déantóra	Ineos Solvents Germany GmbH (Sasol, tráth)
Seoladh an déantóra	Römerstraße 733, 47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Römerstraße 733, 47443 Moers An Ghearmáin Shamrockstr. 88, 44643 Herne An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an déantóra	Shell Chemicals Europe B.V.
Seoladh an déantóra	Postbus 2334, 3000 CH Rotterdam An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Shell Nederland Raffinaderij B.V., Vondelingenweg 601, 3196 KK Rotterdam-Pernis An Ísiltír

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,1	63,1

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú/foirmlithe	Aon leacht eile (AL), réidh le húsáid Aon leacht eile (AL), réidh le húsáid, ceirtíní maothaithe i bhfoirmle dhífhabhtáin

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE – SPC/SPCANNA META

META SPC 1

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1

1.1. Aitheantóir Meta SPC 1

Aitheantóir	meta-SPC1 perform IPA liquid

1.2. Iarmhír na huimhreach údaraithe

Uimhir	1-1

1.3. Cineál nó cineálacha táirge

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,1	63,1

2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1

Foirmliú/foirmlithe	Aon leacht eile (AL), réidh le húsáid

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal an-inlasta. Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht.

	Coimeádán cúlghlanta agus naisc agus trealamh glactha. Bain úsáid as trealamh pléascdhíonach leictreach/aerála/soilsiúcháin. Bain úsáid as uirlisí neamhspréachta. Déan gníomh chun díluchtú statach a chosc. Seachain análú gala. Seachain análú sprae. Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte. Caith súilchosaint. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má airíonn tú tinn. Má mhaireann an greannú súl: Faigh comhairle leighis. Má mhaireann an greannú súl: Faigh cóir leighis. I gcás dóiteáin: Úsáid cúr friotaíoch roimh alcól, dé-ocsaíd charbóin nó ceochán uisce chun é a mhúchadh. Stóráil in áit atá aeráilte go maith. Coinnigh fionnuar. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig saoráid diúscartha dramhaíola atá faofa.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1. Úsáid # 1 – dromchlaí a dhífhabhtú - spraeáil

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Sprioc-orgánach/sprioc-orgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: -
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dromchlaí glana neamhphóiriúla amhail dromchlaí beaga oibre i limistéir leighis agus eile a dhífhabhtú chomh maith le dromchlaí i seomraí íonghlana (aicme A/B)
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déanfar an táirge a spraeáil go díreach ar an dromchla
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Réidh le húsáid. Ná déan níos mó ná 25 ml/m² a chur. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Dífhabhtú i ndiaidh gach próisis táirgthe agus glantacháin nó nuair atáthar ag teastáil de réir próisis oibriúcháin caighdeánaigh (SOP)
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal: 250-1000 ml ábhar pacáistíochta: poileitiléin ard-dlúis (HDPE), surlyn/ polapróipiléin (PP) is é ábhar an chlúdaigh ná: PP, pola-oscaimheitiléin (POM), poileitiléin íseal-déine (LDPE), HDPE, poileitiléin (PE), aicéatáit eitiléin vinile (GEC), cruach dhosmálta, teireataláit pholabúitiléin (PBT), (LD)PE, polaiteitreafluaireitiléin mhéadaithe (PTFE), poileitiléin íseal-déine líneach (LLDPE), PE méadaithe (EXPPE), Comhpholaiméir PP ceanastar: 5-10 l ábhar pacáistíochta: HDPE. is é ábhar an chlúdaigh ná: HDPE/LDPE Mála imrothlach: 1 l ábhar pacáistíochta: GEC ábhar an chlúdaigh: PP/Sileacón/GEC

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil an táirge réidh le húsáid ar an dromchla agus fág é go n-oibreoidh sé ar theocht an tseomra (20 ± 2 °C) ar feadh 1 nóiméad amháin ar a laghad.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féadtar an chéim seo a leanas a mheas a dhéanfaidh baol pearsanta a laghdú don nós imeachta athlíonta ach amháin más féidir céimeanna teicniúla agus/nó eagraíochtúla a chur ina hionad sin: Caitear cosaint súl agus an táirge á láimhseáil.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2. Úsáid # 2 – dromchlaí a dhífhabhtú - cuimilt

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Sprioc-orgánach/sprioc-orgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: -

Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dromchlaí glana neamhphóiriúla amhail dromchlaí beaga oibre i limistéir leighis agus eile a dhífhabhtú chomh maith le dromchlaí i seomraí íonghlana (aicme A/B)
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Cuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déanfar an táirge a spraeáil nó a dhoirteadh ar an dromchla agus é a chuimilt ina dhiaidh, nó déanfar an táirge a spraeáil nó a dhoirteadh chun an ceirtín a fhliuchadh agus ansin ba chóir an táirge a chuimilt ar an dromchla.
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Réidh le húsáid. Ná déan níos mó ná 25 ml/m² a chur. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Dífhabhtú i ndiaidh gach próisis táirgthe agus glantacháin nó nuair atáthar ag teastáil de réir SOP.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal: 250-1000 ml ábhar pacáistíochta: HDPE, surlyn/PP is é ábhar an chlúdaigh ná: PP, POM, LDPE, HDPE, PE, GEC, cruach dhosmálta, PBT, (LD)PE, exp. PTFE, LLDPE, EXPPE, Comhpholaiméir PP. ceanastar: 5-10 l ábhar pacáistíochta: HDPE. is é ábhar an chlúdaigh ná: HDPE/LDPE Mála imrothlach: 1 l ábhar pacáistíochta: GEC ábhar an chlúdaigh: PP/Sileacón/GEC.

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Déan an táirge réidh le húsáid a spraeáil nó a dhoirteadh ar an dromchla agus déan é a chuimilt ina dhiaidh, nó déan ceirtín a fhliuchadh agus ansin déan an dromchla a chuimilt. Fág ar a laghad 5 nóiméad ag teocht an tseomra (20 ± 2 °C) le hoibriú.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féadtar an chéim seo a leanas a mheas a dhéanfaidh baol pearsanta a laghdú don nós imeachta athlíonta ach amháin más féidir céimeanna teicniúla agus/nó eagraíochtúla a chur ina hionad sin: Caitear cosaint súl agus an táirge á láimhseáil.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3. Úsáid # 3 – dromchlaí a mbíonn teagmháil acu le bia agus le cothú a dhífhabhtú - spraeáil

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Sprioc-orgánach/sprioc-orgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: - Céim na forbartha: -
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dromchlaí glana neamhphóiriúla i gcistineacha agus seomraí íonghlana i dtionscal an bhia (aicme A/B) a dhífhabhtú
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Spraeáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déanfar an táirge a spraeáil go díreach ar an dromchla.
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Réidh le húsáid. Ná déan níos mó ná 25 ml/m² a chur. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Dífhabhtú i ndiaidh gach próisis táirgthe agus glantacháin nó nuair atáthar ag teastáil de réir SOP.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal: 250-1000 ml ábhar pacáistíochta: HDPE, surlyn/PP is é ábhar an chlúdaigh ná: PP, POM, LDPE, HDPE, PE, GEC, cruach dhosmálta, PBT, (LD)PE, exp. PTFE, LLDPE, EXPPE, Comhpholaiméir PP. ceanastar: 5-10 l ábhar pacáistíochta: HDPE. is é ábhar an chlúdaigh ná: HDPE/LDPE Mála imrothlach: 1 l ábhar pacáistíochta: GEC ábhar an chlúdaigh: PP/Sileacón/GEC.

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil an táirge réidh le húsáid ar an dromchla agus fág é go n-oibreoidh sé ar theocht an tseomra (20 ± 2 °C) ar feadh 1 nóiméad amháin ar a laghad (gníomh baictéiricídeach agus giosta) nó 2 nóiméad (gníomh víricídeach).

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féadtar an chéim seo a leanas a mheas a dhéanfaidh baol pearsanta a laghdú nuair atá innealra próiseála bia á dhífhabhtú agus don nós imeachta athlíonta, ach amháin más féidir céimeanna teicniúla agus/nó eagraíochtúla a chur ina hionad sin: Caitear cosaint súl agus an táirge á láimhseáil.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féachna treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4. Úsáid # 4 – dromchlaí a mbíonn teagmháil acu le bia agus le cothú a dhífhabhtú - cuimilt

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Sprioc-orgánach/sprioc-orgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: - Céim na forbartha: -
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dromchlaí glana neamhphóiriúla i gcistineacha agus seomraí íonghlana i dtionscal an bhia (aicme A/B) a dhífhabhtú
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Cuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déanfar an táirge a spraeáil nó a dhoirteadh ar an dromchla agus é chuimilt ina dhiaidh, nó déanfar an táirge a spraeáil nó a dhoirteadh chun an ceirtín a fhliuchadh agus ansin ba chóir an táirge a chuimilt ar an dromchla.
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Réidh le húsáid. Ná déan níos mó ná 25 ml/m² a chur. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Dífhabhtú i ndiaidh gach próisis táirgthe agus glantacháin nó nuair atáthar ag teastáil de réir SOP.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal: 250-1000 ml ábhar pacáistíochta: HDPE, surlyn/PP is é ábhar an chlúdaigh ná: PP, POM, LDPE, HDPE, PE, GEC, cruach dhosmálta, PBT, (LD)PE, exp. PTFE, LLDPE, EXPPE, Comhpholaiméir PP. ceanastar: 5-10 l ábhar pacáistíochta: HDPE. is é ábhar an chlúdaigh ná: HDPE/LDPE Mála imrothlach: 1 l ábhar pacáistíochta: GEC ábhar an chlúdaigh: PP/Sileacón/GEC.

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Déan an táirge réidh le húsáid a spraeáil ar an dromchla agus déan é a chuimilt ina dhiaidh, nó déan ceirtín a fhliuchadh agus ansin déan an dromchla a chuimilt. Fág ar a laghad 5 nóiméad ag teocht an tseomra (20 ± 2 °C) le hoibriú.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féadtar an chéim seo a leanas a mheas a dhéanfaidh baol pearsanta a laghdú nuair atá innealra próiseála bia á dhífhabhtú agus don nós imeachta athlíonta, ach amháin más féidir céimeanna teicniúla agus/nó eagraíochtúla a chur ina hionad sin:

Caitear cosaint súl agus an táirge á láimhseáil.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** [1]**MAIDIR LE META SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Déan an dromchla a ghlanadh go cúramach roimh úsáid.

Bain uisce iomarcach ón dromchla sula ndéantar a dhífhabhtú, más cuí.

Ná déan níos mó ná 25 ml/m^2 a chur.

Cinntigh go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomlána.

Ní foláir ceirtíní a úsáideadh a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Ní ceart an táirge seo a úsáid ach chun dromchlaí beaga a dhífhabhtú.

Déan cinnte de go bhfuil go leor aerála ann ionas nach mbeidh atmaisféir phléasctha ann.

[1] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

Seachain teagmháil le súile.

Cuir tonnadóir i gcomhair athlíonta.

Coinnigh ar shiúl é ó leanaí agus ó pheataí.

Coinnigh leanaí agus peataí ar shiúl ó sheomraí ina bhfuil dífhabhtú ar siúl. Cuir go leor aerála ar fáil sula dtagann leanaí agus peataí isteach chuig seomraí a ndearnadh cóireáil orthu. Ní bhaineann sin le seomraí d'othair in ospidéil.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Garchabhair:

I gcás timpiste: Cuir glao ar ionad nimhe nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁILTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus coinnigh é compordach.

I gcás teagmhála leis an gcraiceann: Glan le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú. Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle/cúram liachta.

MÁ SHLOGTAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir/lia má bhraitheann tú tinn.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

-

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 36 mhí

Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

Stóráil in áit dhea-aeráilte.

Cosain ó sholas na gréine.

Déan a stóráil ag teocht an tseomra sa bhunchoimeádán.

6. **FAISNÉIS EILE**

Tá própán-2-ól sa táirge (CAS Uimh.: 67-63-0), dár comhaontaíodh luach tagartha Eorpach de 129,28 mg/m³ don úsáideoir gairmiúil agus úsáideadh é le haghaidh mheasúnú riosca an táirge.

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1**

7.1. **Trádainm/trádainmneacha, uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/ trádainmneacha	Schülke® 6			Réimse margaidh: EU	
Uimhir an údaraithe	EU-0023860-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,1

META SPC 2

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 2**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 2**

Aitheantóir	meta-SPC 2 perform wipes IPA

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,1	63,1

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 2**

Foirmliú/foirmlithe	Aon leacht eile (AL), réidh le húsáid, ceirtíní maothaithe i bhfoirmle dhífhabhtáin

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 2**

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal an-inlasta. Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coimeádán cúlghlanta agus naisc agus trealamh glactha. Bain úsáid as trealamh pléascdhíonach leictreach/aerála/soilsiúcháin. Bain úsáid as uirlisí neamhspréachta.

	Déan gníomh chun díluchtú statach a chosc. Seachain análú gala. Seachain análú sprae. Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte. Caith súilchosaint. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má airíonn tú tinn. Má mhaireann an greannú súl: Faigh comhairle leighis. Má mhaireann an greannú súl: Faigh cóir leighis. I gcás dóiteáin: Úsáid cúr friotaíoch roimh alcól, dé-ocsaíd charbóin nó ceochán uisce chun é a mhúchadh. Stóráil in áit atá aeráilte go maith. Coinnigh fionnuar. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig saoráid diúscartha dramhaíola atá faofa.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 2

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 5. Úsáid # 1 – dromchlaí a dhífhabhtú - cuimilt

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Sprioc-orgánach/sprioc-orgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: -
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dromchlaí glana neamhphóiriúla amhail dromchlaí beaga oibre i limistéir leighis agus eile a dhífhabhtú chomh maith le dromchlaí i seomraí íonghlana (aicme A/B)
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Cuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déanfar an táirge a chuimilt go díreach ar an dromchla.
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Ceirtíní atá réidh le húsáid Airí caolaithe: - Airí uainithe: Dífhabhtú i ndiaidh gach próisis táirgthe agus glantacháin nó nuair atáthar ag teastáil de réir SOP.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil

Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Paca bog: 1-200 ceirtín Ábhar pacáistíochta: LDPE/Alu/PET; LDPE/PET; polapróipiléin socraithe go dé-aiseach (BOPP) + polapróipiléin teilgthe (CPP) Púitse: 10-200 ceirtín Ábhar pacáistíochta: LDPE/PET Feadán: 50-200 ceirtín Ábhar pacáistíochta: HDPE is é ábhar an chlúdaigh ná PP nó PE3385

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Déan an dromchla a chuimilt go hiomlán leis an gceirtín agus fág é go n-oibreoidh sé ar theocht an tseomra (20 ± 2 °C) ar feadh 5 nóiméad ar a laghad.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 6. Úsáid # 2 – dromchlaí a mbíonn teagmháil acu le bia agus le cothú a dhífhabhtú - cuimilt

An cineál táirge	PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Sprioc-orgánach/sprioc-orgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Giosta Gnáthainm: - Céim na forbartha: - Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: - Céim na forbartha: -
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dromchlaí glana neamhphóiriúla i gcistineacha agus seomraí íonghlana i dtionscal an bhia (aicme A/B) a dhífhabhtú

Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Cuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Déanfar an táirge a chuimilt go díreach ar an dromchla.
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Ceirtíní atá réidh le húsáid Airí caolaithe: - Airí uainithe: Dífhabhtú i ndiaidh gach próisis táirgthe agus glantacháin nó nuair atáthar ag teastáil de réir SOP.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Paca bog: 1-200 ceirtín Ábhar pacáistíochta: LDPE/Alu/PET; LDPE/PET; BOPP+CPP Púitse: 10-200 ceirtín Ábhar pacáistíochta: LDPE/PET Feadán: 50-200 ceirtín Ábhar pacáistíochta: HDPE is é ábhar an chlúdaigh ná PP nó PE3385

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Déan an dromchla a chuimilt go hiomlán leis an gceirtín agus fág é go n-oibreoidh sé ar theocht an tseomra (20 ± 2 °C) ar feadh 5 nóiméad ar a laghad.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** ([2])**MAIDIR LE META SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Déan an dromchla a ghlanadh go cúramach roimh úsáid.

Bain uisce iomarcach ón dromchla sula ndéantar a dhífhabhtú, más cuí.

Cinntigh go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomlána.

Ní foláir ceirtíní a úsáideadh a dhiúscairt i gcoimeádán dúnta.

([2]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 2.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Ní ceart an táirge seo a úsáid ach chun dromchlaí beaga a dhífhabhtú.

Déan cinnte de go bhfuil go leor aerála ann ionas nach mbeidh atmaisféir phléasctha ann.

Seachain teagmháil le súile.

Coinnigh ar shiúl é ó leanaí agus ó pheataí.

Coinnigh leanaí agus peataí ar shiúl ó sheomraí ina bhfuil dífhabhtú ar siúl. Cuir go leor aerála ar fáil sula dtagann leanaí agus peataí isteach chuig seomraí a ndearnadh cóireáil orthu. Ní bhaineann sin le seomraí d'othair in ospidéil.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Garchabhair:

I gcás timpiste: Cuir glao ar ionad nimhe nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁILTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus coinnigh é compordach.

I gcás teagmhála leis an gcraiceann: Glan le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú. Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle/cúram liachta.

MÁ SHLOGTAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir/lia má bhraitheann tú tinn.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

-

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Seilfré: 24 mhí

Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

Stóráil in áit dhea-aeráilte.

Cosain ó sholas na gréine.

Déan a stóráil ag teocht an tseomra sa bhunchoimeádán.

6. **FAISNÉIS EILE**

Tá própán-2-ól sa táirge (Uimh. CAS: 67-63-0), dár comhaontaíodh luach tagartha Eorpach de 129,28 mg/m³ don úsáideoir gairmiúil agus úsáideadh é le haghaidh mheasúnú riosca an táirge.

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 2**

7.1. **Trádainm/trádainmneacha, uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/ trádainmnea-cha	Schülke® 7			Réimse margaidh: EU	
Uimhir an údaraithe	EU-0023860-0002 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,1

META SPC 3

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 3**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 3**

Aitheantóir	meta-SPC 3 mikrozid liquid

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-3

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 3**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 3**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	63,1	63,1

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 3**

Foirmliú/foirmlithe	Aon leacht eile (AL), réidh le húsáid

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 3**

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal an-inlasta. Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coimeádán cúlghlanta agus naisc agus trealamh glactha. Bain úsáid as trealamh pléascdhíonach leictreach/aerála/soilsiúcháin. Bain úsáid as uirlisí neamhspréachta.

